

Ráiteas Sábháilteachta



Ba mhian leis an mBord Bainistíochta aird na foirne a dhíriú ar na socrúithe seo a leanas, atá ann chun sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine atá fostaithe agus ag obair sa scoil, a chosaint.

Éilíonn an polasaí comhoibriú gach ball foirne. Déanfar athbhreithniú air gach bliain, nó níos minicí más gá, ag brath ar thaithí, athraithe i riachtanais dhlithiúla agus athraithe feidhmiúcháin. Déanfaidh Oifigigh Sábháilteachta an Bhoird Bainistíochta iniúchadh sábháilteachta gach bliain agus cuirfear tuairisc ar fáil don fhoireann. Coimeádfar súil ar gach taifead ar thionóisc nó ar dhroch-shláinte chun a chinntiú go gcuirtear aon chéim sábháilteachta i bhfeidhm chun atarlú tionóisc nó droch-shláinte dá leithéid a sheachaint.

Ba mhaith le Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma a chinntiú, chomh fada agus is indéanta é go réasúnta:

- Go mbeidh leagan amach, soláthar agus cúram gach cuid den scoil sábháilte agus saor ó bhaol don tsláinte.
- Beidh an tslí isteach agus amach ó áiteanna oibre sábháilte.
- Féadfar innealra a oscailt go sábháilte chomh fada agus is indéanta.
- Déanfar pleanáil, eagrú, úsáid agus cúram de chórais oibre i slí is go mbeidh siad sábháilte agus nach mbeidh aon bhaol ann don tsláinte.
- Cuirfear oiliúint ar an bhfoireann agus déanfar feitheoireacht orthu chomh fada agus is indéanta go réasúnta, chun sláinte agus sábháilteacht na foirne ag obair a chinntiú.
- Cuirfear éadaí cosanta ar fáil mar is gá, chun sláinte agus sábháilteacht na foirne ag obair a chinntiú.
- Comhlíonfar pleannanna éigeandála agus déanfar athbhreithniú orthu más gá.
- Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an ráiteas seo ar bhonn rialta nuair is gá, agus déanfaidh an Bord athscrúdú air uair sa bhliain ar a laghad.
- Lorgófar comhairle na foirne i leith cúrsaí sláinte agus sábháilteachta.
- Déanfar reachtáil ar thoghchán chun gur féidir leis an bhfoireann ionadaí sábháilteachta a roghnú.

Aithníonn an Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma go bhfuil dualgais reachtúla orthu i leith foireann, daltaí agus éinne eile atá ag feidhmiú ar son na scoile go dlisteanach agus i leith an phobail.

Tógann Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma orthu féin a chinntiú go gcoítear le forálacha Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag Obair 1989:

Dualgais na bhfostaithe:

Tá sé de dhualgas ar gach fostaí agus iad ag obair:

- (a) cúram réasúnta a dhéanamh dá shábháilteacht /sábháilteacht , dá sláinte agus dá leas féin, agus de leas éinne eile a fhéadfadh a bheith thíos leis de bharr easnamh ina chuid / cuid oibre.

- (b) Comhoibriú lena fhostóir / fostóir nó éinne eile chun a chinntiú gur féidir lena fhóstóir / fostóir nó an duine eile na forálacha reachtúla ábhartha a chomhlíonadh.
- (c) Aon fhearas, aon éadach cosanta, aon trealamh nó rud eile (má táthar á n-úsáid ar bhonn aonair nó mar chuid de ghrúpa) a úsáid i slí is go gcuirtear an chosaint a bhí i gceist chun a shábháilteacht / sábháilteacht, sláinte nó leas ag obair a dhaingniú.
- (d) Cur in iúl don Bhord Bainistíochta gan mhoill má tá aon mháchail ar innealra, ar an láthair oibre nó ar chóras oibre, a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas a chur i mbaol, a luaithe agus bhíonn siad ar an eolas faoi.

Ní chuirfidh éinne isteach ar aon fhearas go neafaiseach nó ní bhainfidh siad aon mhí-úsáid as, nó as éadach cosanta nó as rud eile a chuirtear ar fáil chun feidhmiú de réir na bhforálacha ábhartha reachtúla nó chun sábháilteacht, sláinte nó leas a chinntiú a bhainfeadh le gníomhaíochtaí oibre. Ba chóir d'aon fhostaí atá ag baint úsáide as na háiseanna agus na fearais a chuirtear ar fáil, a chinntiú go gcuirtear na cleachtais oibre i gcrích sa tslí is sábháilte agus is féidir.

Comhchomhairle agus Eolas

Tá sé mar pholasaí ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus iad ag réiteach foirmeacha le haghaidh smacht ar ghuaiseacha, cóip den ráiteas sábháilteachta a bhronnadh ar an bhfoireann reatha agus aon fhoireann eile sa todhchaí, agus aon eolas nó aon treoir bhreise a roinnt leis an bhfoireann nuair a chuirtear é ar fáil. Cuirfear sábháilteacht, sláinte agus leas ag obair san áireamh in aon oiliúint foirne agus in aon phleananna forbartha sa todhchaí.

Guaiseacha

Roinnfear guaiseacha i ndá roinn. Iadsan ar féidir iad a réiteach agus déileáil leo go práinneach. Iadsan atá doiléir agus cuirfear liosta de nósanna imeachta cuí in aice leo. Cealófar gach guais chomh fada agus a cheadóidh acmhainní agus cúinsí.

Tine

Tá siad seo mar pholasaithe ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma :

- (i) Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go mbeidh soláthar cuí de mhúchtóirí dóiteán ar fáil, a bheadh oiriúnach don sórt tine a d'fhéadfadh tarlú in áit faoi leith, ainmneofar iad agus déanfaidh duine cáilithe agus údaraithe seirbhís orthu go rialta. Beidh treoracha ar gach múchtóir dóiteáin.
- (ii) Cinnteoidh an Príomhoide go mbeidh cleachtadh éalaithe tine ann uair gach téarma.
- (iii) Beidh aláraim doiteán marcáilte go soiléir. (freagracht Oifigeach Sábháilteachta Bhord Bainistíochta na scoile).
- (iv) Beidh comharthaí le feiscint go soiléir chun a chinntiú go mbeidh cuairteoirí ar an eolas mar gheall ar na doirse agus ar na bealaí amach. (Oifigeach sábháilteachta na foirne).
- (v) Coimeádfar gach doras, pasáiste agus slí isteach saor ó chonstaic agus beifear ábalta é a oscailt ó laistigh den fhoirgneamh ag aon am. Cinnteoidh aon

Gaelscoil Liatroma: Ráiteas Sábháilteachta

mhúinteoir, a bhfuil slí amach suite sa seomra ranga aige / aici, go gcoimeádtar saor ó chonstaic an tslí amach sin. Tá sé de dhualgas ar an bPríomhoide a chinntiú go mbíonn doras an halla agus an príomhdhoras saor ó chonstaic. (vi) Taispeáinfidh plean den scoil na pointí tionól lasmuigh den scoil.

- (vii) Is é atá i gceist le pointí tionól ná limistéar faoi leith lasmuigh den scoil, agus gach pointe tionóil sa limistéar sin sainithe.
- (viii) Beidh comharthaí slí amach marcáilte go soiléir.
- (ix) Bainfear gach plucóid amach a bhaineann le trealamh leictreach, nuair a fhágtar iad gan choimirce ar feadh tréimsí fada nó nuair a bhíonn an foirgneamh folamh. Tá an Príomhoide / Rúnaí, mar is cuí, freagrach as an oifig. Tá gach múinteoir freagrach as an seomra foirne. Déanfaidh an glantóir é a sheiceáil nuair atáid á ghlanadh.
- (x) Déanfar stóráil ar channaí gáis in áit dhaingean i slí is go ndéanfar laghdú ar fhéidearthacht pléascadh i gcás tine.
- (xi) Beidh an Príomhoide freagrach as cleachtaí éalaithe ó thine agus na nósanna imeachta le haghaidh éalaithe.
- (xii) Cuirfear i bhfeidhm aon mholadh a dhéanann an tOifigeach Doiteáin maraon leis na forálacha seo.

Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta aird chách a dhíriú ar na guaiseacha seo a leanas (chomh fada agus is féidir iad a aithint) a d'fhéadfadh a bheith dainséarach.

1. Pasáistí fliucha
2. Frámaí dreapadóireachta
3. Umair gháis
4. Seoláin ar sileadh
5. Clóscríobháin, ríomhairí
6. Gilitín
7. Teilgeoirí
8. Clár fiúis
9. Cítíl leictreacha
10. Teach an choir
11. Dréimí
12. Iomarca gairbhéil sa chlós
13. Feisteas / aonad ag gobadh amach
14. Díon clárach an halla nó na scoile
15. Stóras lasmuigh le bheith faoi ghlas
16. Lomaire faiche
17. Leaca ar fáil timpeall ar limistéar na scoile
18. Clocha gairdín
19. Leac oighear ar an talamh / ar dhromchlaí ar lá fuar
20. Mataí sa halla
21. Fuinneoga ag oscailt amach

Chun na dáinséir thuasluaite a sheachaint caithfear cloí leis na réitigh seo a leanas (féach dualgais na foirne ar leathanach 1-2 den cháipéis seo)

- (a) Teacht ar agus úsáid innealra / threalaimh a bheith teoranta do bhaill foirne cáilithe, a bhfuil sé de chúram orthu an trealamh céanna a rith, a chothú, a ghlanadh agus súil a choimeád ar ghnéithe de, mar chuid dá ngnáthdualgais. Seolfar cóipeanna den ráiteas sábháilteachta seo go gach conraitheoir sula ndéanann an Príomhoide / Bord Bainistíochta conradh leo. Caithfear cóip den Ráiteas Sábháilteachta a thaispeáint d'aon chonraitheoir eile a thagann isteach sa scoil agus caithfidh siad cloí lena fhorálacha.
- (b) Caithfear innealra den sórt thuasluaite a úsáid de réir na dtreoracha agus na moltaí mar atáid leagtha amach ag an déantúsóir chomh maith.
- (c) Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go gcuirtear oiliúint ar bhaill foirne ar cheartúsáid aon innealra nó aon trealamh, mar is fóirsteanach.
- (d) Beidh cosaint leordhóthaineach curtha i bhfeidhm ar gach innealra nó trealamh leictreach
- (e) Cuirfear fógraí réamh-aireacha in airde, maidir le cúrsaí sábháilteachta, in áiteanna oiriúnacha
- (f) Caithfear dréimírí a úsáid le cabhair ó dhuine eile
- (g) Daltaí ag baint úsáide as buidéal ghloine a sheachaint, nuair is féidir. Gloine briste a ardach láithreach nuair a aimsítear é.
- (h) Dearbháilfidh an Bord Bainistíochta go bhfuil úrláir glan agus cothrom, nach féidir sleamhnú orthu agus go bhfuil siad saor ó mheatháin adhmaid
- (i) Dearbháilfidh an Príomhoide go bhfuil trealamh corp oideachais carnaithe go daingean i slí is nach mbeidh sé guaiseach
- (j) Dearbhú go bhfuil gach mata corp oideachais agus eile i riocht maith
- (k) Iniúchadh bliantúil ar throsacán, úrláir, gaireas, trealamh agus feisteas. (Oifigeach Sábháilteachta Bhord Bainistíochta agus Ionadaí Sábháilteachta na foirne)
- (l) Dearbhú go bhfuil bíomaí agus bíní adhmaid saor ó mheatháin adhmaid agus i riocht maith. Leas-phríomhoide.
- (m) Dearbhú nach bhfuil capaill gleacaíochta, bíomaí agus bíní & rl. guagach. (Príomhoide).
- (n) Dearbhú nach bhfuil aon leaca cosáin míchothrom, briste nó scoilte. (Airíoch faoi chúram an Bhoird)
- (o) Dearbhú go bhfuil díonta, gáitéir agus píobáin draenacha i riocht maith agus dea-choinnithe. (Oifigeach Sábháilteachta an Bhoird Bainistíochta)
- (p) Dearbhóidh múinteoirí go bhfuil dún-phoill sábháilte
- (q) Dearbhaigh go bhfuil gach limistéar súgradh, poill ghainimh go háirithe, glan agus saor ó ghloine, sula n-úsáidtear iad.
- (r) Dearbhú go n-oibríonn soilse lasmuigh agus go bhfuil siad leordhóthaineach. (Bord Bainistíochta)
- (s) Dearbhú go bhfuil aon ábhair nó trealamh a bhaineann le tógálaithe nó leis an Airíoch nó aon stóras lasmuigh daingean agus stóráilte go sábháilte. (Príomhoide agus Oifigeach Sábháilteachta an Bhoird Bainistíochta)
- (t) Dearbhú go mbaintear gach mála bruscair as an scoil gach lá agus go ndéantar iad a stóráil lasmuigh. Airíoch.
- (u) Ba chóir go mbeadh clúdach ar scáileán gach aonad fístaispeána ar an ríomhaire

Guaiseacha leanúnacha

Gaelscoil Liatroma: Ráiteas Sábháilteachta

Innealra, Trealamh cistine, Fearais Leictreacha

Tá sé mar pholasáí ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma nach n-úsáideann ach daoine ábalta agus údaraithe, innealra, trealamh cistine agus fearais leictreacha. Déanfar iniúchadh rialta ar threalamh agus ar fhearas dá leithéid.

Fearais Leictreacha

Déanfar socruithe go ndéanfaidh duine ábalta .i. duine cothabhála, an soláthraí nó a ghníomhaí, iniúchadh ar fhearais dá leithéid, ar a laghad uair sa bhliain. Roimh fhearais mar seo a úsáid ba chóir don úsáideoir na rudaí seo a leanas a dhearbhú:

- Go bhfuil gach gnáth-chosaint atá mar ghnáthchuid den fhearas ag obair
- Aon shreangán / sheoltán a sholáthraíonn cumhacht slán, gan aon ghearradh nó scoilteanna ann
- Aon phloicéad nach bhfuil in úsáid a bhaint amach as an soicéad
- Go n-úsáidtear an fiús ceart i mbarra ploicéid fiúis oiriúnacha
- Go gcloítear leis na treoracha oifigiúla eisithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

Ceimicí

Tá sé mar pholasáí ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma go ndéantar stóráil ar cheimicí, tónóir don fhotachóipeoir, glantaigh agus rl. i soithigh so-aitheanta le treoracha orthu agus rabhadh maidir le húsáid agus coimeádfar iad faoi ghlas agus cuirfear cosaint ar fáil nuair atáid in úsáid. (Rúnaí / Glantóir / Príomhoide mar is cuí).

Drugaí agus Míochnú

Tá sé mar pholasáí ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma go gcoimeádtar drugaí agus míochnú i gcófra daingean, a bhíonn faoi ghlas i gcónaí agus go gcoimeádtar an eochair in áit eile atá daingean agus nach n-úsáideann ach duine traenáilte agus údaraithe é.

Leas

Chun leas leanúnach na foirne agus na bpáistí a chinntiú, cuirfear leithris agus seomra cotaí ar fáil. Cuirfear seomra foirne ar fáil atá scartha amach ón limistéar oibre, áit inar féidir tae agus sos lóin a ghlacadh. Caithfidh an fhoireann comhoibriú chun ard-chaighdeán sláinteachais a choinneáil sa limistéar seo.

Caithfear ard-chaighdeán sláinteachais a bhaint amach i gcónaí. Caithfidh áiseanna leordhóthaineacha chun dramhaíl a chaitheamh amach a bheith ar fáil. Caithfear soláthar leordhóthaineach a bheith ann d'uisce te agus fuar, de thuailí, de ghalúnach agus d'áiseanna le dramhaíl sláintíoch a chaitheamh amach.

Meabhraítear na pointí seo a leanas do bhaill foirne:

- (a) Caithfidh ball foirne a chur iúl don scoil má táid faoi chúram leighis nó ar mhíochnú oidis dhochtúra ach fós féin go bhfuil sé ceadaithe dóibh bheith ag obair agus a chur in iúl má tá aon dhroch-thionchar ag an míochnú sin orthu

Gaelscoil Liatroma: Ráiteas Sábháilteachta

a d'fhéadfadh a bheith dáinséarach dóibh féin nó dá gcomhoibrithe nó a d'fhéadfadh cur isteach ar chaighdeán a gcuid oibre. Socróidh an scoil go mbeidh dualgais chuí roghnaithe dóibh don tréimhse eatramhach.

- (b) Níl sé ceadaithe don fhoireann nó do dhalta beith ar láthair na scoile má tá alcól nó drugaí mídhleathacha tógtha acu. Má sháraítear an riail seo is féidir céimeanna smachta a ghlacadh in aghaidh an duine.

Úrláir ró-shnasta

Tá sé mar pholasaí ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma gach iarracht a dhéanamh dromhchlaí sleamhain a sheachaint. Glanfar úrláir i ndiaidh am scoile, nuair is féidir, chun dainséar sleamhnaithe a sheachaint. Nuair atá úrláir fliuch, cuirfear comharthaí in airde chun rabhadh a thabhairt. D'fhéadfadh an talamh nó dromhchlaí lasmuigh a bheith sleamhain ó shioc in aimsir fhuar, agus cuirfear comhairle ar an bhfoireann agus ar na daltaí ráillí a úsáid agus iad ag dul suas agus síos an staighre / céimeanna. Nuair atá sé indéanta cuirfear ciumhaiseanna sofheicthe neamh-shleamhna ar chéimeanna.

Caitheamh Tobac

Tá sé mar pholasaí ag Bord Bainistíochta Liatroma go mbeidh cosc iomlán ar thobac sa scoil chun an ghuais don fhoireann agus do na daltaí a bhaineann le tobac san aer a sheachaint.

Gloine bhriste

Déanfaidh an Bord Bainistíochta iarracht an dainséar ó ghloine bhriste a laghdú. Iarrtar ar bhaill foirne a chur in iúl don Phríomhoide láithreach má tá gloine bhriste ann chun gur féidir é a bhaint ar an toirt.

Galair Infhabhraíocha

Tá sé mar pholasaí ag Bord Bainistíochta Liatroma go gcuirtear ar an eolas iad mar gheall ar aon ghalar infhabhraíocha chun gur féidir leo céimeanna a thógaint le sábháilteacht na foirne agus na ndaltaí i gcoinne an ghalar a chinntiú. Déanfaidh an Bord Bainistíochta tréaniarracht an baol ón ngalar a laghdú trí chloí le dea-phrionsabail ghlaineachta, shláinteachais agus dífhabhtaigh agus láimhíní plaisteacha (aonshealacha) a chur ar fáil le haghaidh garchabhair agus glanadh. Beidh soláthar leordhóthaineach uisce, galúnaigh agus tuailí ann i gcónaí sna leithris agus seomraí folctha agus áis chun dramhaíl a chaitheamh amach go sábháilte.

Garchabhair

Tá sé mar pholasaí ag Bord Bainistíochta Liatroma go ndéantar traenáil ar bhall foirne le garchabhair a chur ar fáil don fhoireann agus na daltaí.

- (1) Cuirfear fógraí in airde san oifig ag sonrú:

- Socruithe le haghaidh garchabhair
- Suíomh na mboscaí garchabharacha
- Nósanna imeachta gloch ar otharchairr & rl...
- Uimhreacha gutháin do dhochtúir áitiúil, na gardaí, oidpidéal

- (2) Cuirfear gach teagmhas in iúl don té atá freagrach as an nguais áirithe sin mar atá sonraithe sa ráiteas, nó sa chás go dtarlaíonn an tionóisc/teagmhas in aon áit eile nach mbaineann an t-alt sin ar ghuaiseacha leis an Oifigeach Sábháilteachta, is cuma cé chomh suarach é agus is cuma más do bhall foirne nó do dhaltá nó do dhuine den phobal a tharlaíonn sé. Tá sé seo riachtanach chun súil a choimeád ar dhul chun cinn na gcaighdeáin shábháilteachta agus chun cúram leighis cuí a chinntiú nuair is gá. Caithfear comhad de thaifead ar thionóisc a choinneáil chun go ndéanfaidh an tOifigeach Sábháilteachta taifead ar gach tionóisc agus teagmhas.

Cinntoidh an Príomhoide go mbeidh bosca garchabhrach le soláthar cuí ar fáil don fhoireann i gcónaí le:

- Greimlíne (plástair a ghreamaíonn) □ Frith-hiostaimín do chealga & rl.
- Téip
- Dífhabhán (m.sh.) savlon
- Lóis súl (m.sh.) Obtrex
- Uachtar antaiseipteach
- Bindealáin cadáis
- Uachtar do gharchabhair ar dhó
- Cuimilteán antaiseipteach
- Siosúr
- Cairt garchabhrach

Caithfear láimhíní aonsealacha a úsáid i gcónaí agus garchabhair á thabhairt

Slí isteach sa scoil

Sa mhéid go mbeadh sé comhoiriúnach le leagan amach praiticiúil ar láthair na scoile, beidh sé de dhualgas ar éinne a bhuaileann isteach sa scoil, iad féin a chur in aithne don Phríomhoide nó don rúnaí mar is ábhartha, sula scaoiltear isteach iad. Beidh ar aon chonraitheoir é féin a chur in aithne go pearsanta don Phríomhoide sula dtosaíonn sé aon obair ar an láthair agus taispeáinfead cóip de ráiteas sábháilteachta na scoile dó agus aontóidh sé lena fhorálacha.

Nuair atá obair ar siúl, seachnófar aon torann i rith am scoile nuair is féidir agus ísleofar é go dtí an t-íosmhéid riachtanach i gcónaí. Ní chruthóidh an conraitheoir agus a fhoireann oibre aon ghuais, sealadach nó buan, gan a insint don Phríomhoide nó dá iondaí roghnaithe, agus cuirfear comhartha in airde ag tabhairt rabhadh maidir leis na nguais nó cosaint oiriúnach eile.

Páistí a bhailiú

- (1) Caithfidh gach tuismitheoir / coimirceoir / feighlí géilleadh do chomharthaí ar thailte na scoile, ar mhaithe le sábháilteacht.
- (2) Comhairlítear gluaisteáin a thiomáint go mall ar thailte na scoile nuair atá páistí á mbailiú.
- (3) Comhairlítear dóibh siúd atá páirceáilte lasmuigh de thailte na scoile páistí a thionlacan to dtí agus ó fhoirgneamh na scoile.

Athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta seo

Déanfaidh Bord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma athbhreithniú ar an ráiteas seo go rialta de réir thaithí agus riachtanais Acht Sláinte agus Sábháilteachta agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Sínithe ar son an Bhoird Bainistíochta Cathaoirleach :

Dáta: 2ú Deire Fomhair 2018



Priomhoide: C Nic Chonchrada

Dáta: 2ú Deire Fomhair 2018

Oifigeach Sábháilteachta: _____
Ionadaí an Bhoird B.

Dáta _____

Oifigeach
Sábháilteachta: _____
Ionadaí na foirne

Dáta _____

Gaelscoil Liatroma
Cora Droma Rúisc .

Ráiteas polasaí de réir Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag obair 1989

Baill an Bhoird Bainistíochta:

Cathaoirleach :Séamus Caomhánach

Baill an Bhoird :

Seán O Súilleabháin,

Andrew Chilton,

Urzula Koortzen,

Mark Reilly,

Síle Nic Aoidh,

Caitríona Nic Chonchrada

Oifigeach Sábháilteachta: _____

Ionadaí na foirne: _____

Ullmhaithe ag ionadaithe an Bhoird Bainistíochta, i gcomhchomhairle le tuismitheoirí agus múinteoirí de réir Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag obair 1989